



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2026
(OR. en)

Comhaid Idirinstitiúdeacha:
2024/0101 (NLE)
2024/0102 (NLE)

11787/24
ADD 6

AELE 72
AND 13
SM 13
MI 659

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Comhaontú lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne mar Pháirtithe ar leith, den phairt eile

DLITEANAS TÁIRGE

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 13(1), pointe (c), den Chreat-Chomhaontú

RÉAMHRÁ

Beidh feidhm ag Creat-Phrótacal I maidir le hoiriúnuithe cothrománacha, mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo, i gcás ina bhfuil nóisin sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo nó i gcás ina ndéantar tagairt iontu do nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le dlíchóras an Aontais, amhail:

- aithrisí;
- seolaithe gníomhartha dlí an Aontais;
- tagairtí do chríocha nó do theangacha an Aontais;
- tagairtí do chearta agus d'oibleagáidí Bhallstáit an Aontais nó a n-eintitis phoiblí, a ngnóthais nó a ndaoine aonair i ndáil lena chéile; agus
- tagairtí do nósanna imeachta faisnéise agus fógra.

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

1. 31985 L 0374: Treoir 85/374/CEE ón gComhairle an 25 Iúil 1985 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialúcháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le dliteanas i leith táirgí lochtacha (IO L 210, 7.8.1985, lch. 29), arna leasú le:
 - 31999 L 0034: Treoir 1999/34/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 1999 (IO L 141, 4.6.1999, lch. 20).

Léifear forálacha Threoir 85/374/CEE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) maidir le dliteanas an allmhaireora dá bhforáiltear in Airteagal 3(2) de Threoir 85/374/CEE, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:
 - (i) gan dochar do dhliteanas an táirgeora, beidh aon duine a allmhairíonn táirge isteach in Andóra lena dhíol, lena fhrúiliú, lena léasú nó le haon chineál dáilte eile le linn a ghnó freagrach agus é ina tháirgeoir;
 - (ii) gan dochar do dhliteanas an táirgeora, is amhlaidh atá maidir le hallmhairí ó Andóra isteach san Aontas Eorpach nó ón Aontas Eorpach isteach in Andóra.

Ón dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún maidir le dlínse agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála¹, arna dhéanamh i Lugano an 16 Meán Fómhair 1988i bhfeidhm, i ndáil le haon Bhallstát den Aontas Eorpach nó le hAndóra, , ní bheidh feidhm a thuilleadh ag an gcéad abairt den fhomhír seo idir na Stáit sin a dhaingnigh an Coinbhinsiún a mhéid a bheidh breithiúnas náisiúnta i bhfabhar an duine dhíobháilte infhorfheidhmithe, de bhíthin na ndaingnithe sin, i gcoinne an táirgeora nó an allmhaireora de réir bhrí fhomhír (i);

- (b) maidir le hAirteagal 14 de Threoir 85/374/CEE, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

ní bheidh feidhm ag Treoir 85/374/CEE maidir le díobháil nó damáiste a eascraíonn as tionóiscí núicléacha agus a chumhdaítear le coinbhinsiún idirnáisiúnta arna dhaingniú ag Andóra nó ag aon Bhallstát de chuid an Aontais.

¹ Coinbhinsiún maidir le dlínse agus aithing agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (OJ L 319, 25.11.1988, p. 9).

IARSCRÍBHINN IV – PRÓTACAL ANDÓRA

FUINNEAMH

Liosta dá bhforáiltear in Airteagal 13(1), pointe (d), de Chaibidil 1 i gCuid II den
Chreat-Chomhaontú

CLÁR ÁBHAR

- 1 Faisnéis ghinearálta
- 2 Ola
- 3 Gás
- 4 Leictreachas
- 5 Fuinneamh in-athnuaite
- 6 Éifeachtúlacht fuinnimh – ginearálta
- 7 Lipéadú fuinnimh
- 8 Éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh
- 9 Boinn
- 10 Éicidhearthóireacht táirgí a úsáideann fuinneamh

RÉAMHRÁ

Beidh feidhm ag Creat-Phrótacal 1, mura bhforáiltear a mhalairt san Iarscríbhinn seo i gcás ina bhfuil nóisin sna gníomhartha dlí de chuid an Aontais dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo nó i gcás ina ndéantar tagairt iontu do nósanna imeachta a bhaineann go sonrach le dlíchóras an Aontais, amhail:

- aithrisí;
- seolaithe gníomhartha dlí an Aontais;
- tagairtí do chríocha nó do theangacha an Aontais;
- tagairtí do chearta agus d'oibleagáidí Bhallstáit an Aontais nó a n-eintitis phoiblí, a ngnóthais nó a ndaoine aonair i ndáil lena chéile; agus
- tagairtí do nósanna imeachta faisnéise agus fógra

GNÍOMHARTHA DÁ dTAGRAÍTEAR

CAIBIDIL 1

GINEARÁLTA

1. 31994 L 0022: Treoir 94/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 1994 maidir leis na coinníollacha do dheonú agus d'úsáid údaruithe chun hidreacarbóin a chuardach, a thaiscéaladh agus a tháirgeadh (IO L 164, 30.6.1994, lch. 3), arna leasú le:
 - 32018 R 1999: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Léifear forálacha Treoir 94/22/CE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní dheonóidh Andóra údaruithe maidir le sirtheoireacht, taiscéalaíocht agus táirgeadh hidreacarbón ar a críoch.

2. 32011 R 1227: Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1).
3. 32013 L 0030: Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le sábháilteacht oibríochtaí ola agus gáis amach ón gcósta agus lena leasaítear Treoir 2004/35/CE (IO L 178, 28.6.2013, lch. 66), arna leasú le:
 - 32018 R 1999: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

4. 32016 R 1952: Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le staidreamh Eorpach i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/92/CE (IO L 311, 17.11.2016, lch. 1).

Liostaithe anseo chun críocha faisnéise amháin. Chun críocha chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/1952, féach Iarscríbhinn XXI a ghabhann leis an gComhaontú seo.

5. 32017 D 0684: Cinneadh (AE) 2017/684 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le sásra a bhunú chun eolas a mhalartú i ndáil le comhaontuithe idir-rialtasacha agus ionstraimí neamhcheangailteacha idir na Ballstáit agus tríú tíortha i réimse an fhuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 994/2012/AE (IO L 99, 12.4.2017, lch. 1).
6. 32018 R 1999: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1), arna leasú le:
 - 32019 D 0504: Cinneadh (AE) 2019/504 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 (IO L 85 I, 27.3.2019, lch. 66),
 - 32021 R 1119: Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2018/1999, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear sásra rialachais chun:

- (a) straitéisí agus bearta a chur chun feidhme arna gceapadh chun cuspóirí agus spriocanna an Aontais Fuinnimh agus gealltanais fhadtéarmacha an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach i gcomhréir le Comhaontú Pháras, agus don chéad tréimhse 10 mbliana ó 2021 go 2030, go háirithe spriocanna an Aontais do 2030 maidir le fuinneamh agus aeráid, agus straitéisí agus bearta a chur chun feidhme arna gceapadh chun cuspóirí agus spriocanna comhfhreagracha Andóra a bhaint amach agus don chéad tréimhse 5 bliana, ó 2026 go 2030, go háirithe spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 an Aontais;
- (b) comhar a spreagadh idir Ballstáit an Aontais agus Andóra, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, ar an leibhéal réigiúnach, atá ceaptha chun cuspóirí agus spriocanna an Aontais Fuinnimh agus spriocanna Andóra maidir le fuinneamh agus aeráid a bhaint amach;
- (c) tráthúlacht, trédhearcacht, cruinneas, comhsheasmhacht, inchomparáideacht agus iomláine thuairisciú an Aontais agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh chuig rúnaíocht UNFCCC agus chuig rúnaíocht Chomhaontú Pháras a áirithiú;

- (d) rannchuidiú le cinnteacht rialála níos fearr mar aon le rannchuidiú le cinnteacht níos fearr d'infheisteoirí agus cuidiú leis an leas iomlán a bhaint as deiseanna ar fhorbairt eacnamaíoch, spreagadh infheistíochta, cruthú post agus comhtháthú sóisialta.

Tá an sásra rialachais bunaithe, i gcás Andóra, ar phleananna fuinnimh agus athraithe aeráide lena gcumhdaítear don chéad tréimhse, 5 bliana, ó 2026 go 2030, agus ina dhiaidh sin lena gcumhdaítear tréimhsí 10 mbliana ó 2031 go 2040, agus na tuarascálacha comhtháite náisiúnta comhfhreagracha ar dhul chun cinn maidir le fuinneamh agus aeráid ó Andóra. Áirithítear leis an sásra rialachais deiseanna éifeachtacha don phobal a bheith rannpháirteach in ullmhú na bpleananna fuinnimh agus athraithe aeráide sin agus na straitéisí fadtéarmacha fuinnimh agus athraithe aeráide dá dtagraítear in Airteagal 15.

- 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na cúig ghné a leanas a bhaineann le fuinneamh agus aeráid, a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus a threisíonn a chéile:

- (a) slándáil fuinnimh;
- (b) an margadh inmheánach fuinnimh;
- (c) éifeachtúlacht fuinnimh;
- (d) dícharbónú; agus
- (e) taighde, nuálaíocht agus iomaíochas."

- (b) Déanfar Airteagal 2 a oiriúnú mar a leanas:

- (i) scriosfar pointe (6).

(ii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (7):

"(7) ciallaíonn 'réamh-mheastacháin' réamhaisnéisí ar astaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa ó fhoinsí agus ar aistrithe gás ceaptha teasa trí linnte nó forbairtí ar an gcóras fuinnimh.";

(iii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (11):

"(11) Ciallaíonn spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 atá ag Andóra an luach arna ríomh ar bhonn na spriocanna a glacadh le haghaidh Andóra mar a leanas: sprioc íosta cheangailteach maidir le laghdú intíre ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar fud an gheilleagair i gcomparáid le 2005, buaicastaíochtaí gás ceaptha teasa in Andóra, atá le baint amach faoi 2030, sciar íosta d'fhuinneamh in-athnuaite arna thomhailt in Andóra in 2030, príomhspríoc íosta chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh in 2030, agus céatadán íosta de sprioc idirnáise leictreachais do 2030 nó aon sprioc ina dhiaidh sin sna téarmaí atá le glacadh ag Andóra i ndáil leis sin;"

(iv) scriosfar pointe (12)'

(v) cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (14):

"(14) ciallaíonn "príomhtháscairí" na táscairí maidir leis an dul chun cinn a rinneadh i ndáil leis na cúig ghné a bhaineann le fuinneamh agus aeráid faoi mar a mhol an Coimisiún Eorpach;"

(vi) ní bheidh feidhm ag pointí (15), (16), (19) agus (20) maidir le hAndóra;

(c) Déanfar Airteagal 3 a oiriúnú mar a leanas:

(i) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Faoin 1 Eanáir 2026, agus faoin 1 Eanáir 2029 ina dhiaidh sin agus gach 10 mbliana ina dhiaidh sin, tabharfaidh Andóra fógra do Chomhchoiste faoina phleananna fuinnimh agus athraithe aeráide. Beidh na gnéithe a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo sna phleananna agus tabharfar lánaird ann ar na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Cumhdófar sa chéad phlean an tréimhse ó 2026-2030, agus an pheirspictíocht fhadtéarmach á cur san áireamh. Cumhdófar sna pleananna ina dhiaidh sin an tréimhse 10 mbliana díreach i ndiaidh dheireadh na tréimhse lena mbaineann an plean roimhe.";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh de mhír 2:

"Beidh na príomhchodanna seo a leanas sa phlean fuinnimh agus athraithe aeráide:";

(iii) i mír 2, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

"(a) forléargas ar an bpróiseas a leanadh chun an plean fuinnimh agus athraithe aeráide a bhunú a bheidh comhdhéanta d'achomre feidhmiúcháin, tuairisc ar an gcomhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus ar na torthaí a bhí orthu, agus ar chomhar réigiúnach le Ballstáitde chuid an Aontais in ullmhú an phlean, mar a bhunaítear in Airteagail 10, 11 agus 12;";

(iv) i mír 2, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) tuairisc ar chuspóirí, ar spriocanna agus ar rannhuidithe náisiúnta a bhaineann leis na gnéithe fuinnimh agus aeráide, mar a leagtar amach in Airteagal 4;"

(v) i mír 2, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

"(d) tuairisc ar staid reatha na gcúig ghné fuinnimh agus aeráide lena n-áirítear maidir leis an gcóras fuinnimh agus astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa mar aon le réamh-mheastacháin maidir leis na cuspóirí dá dtagraítear i bpointe (b) mar aon le beartais agus bearta atá ann cheana;"

(vi) i mír 2, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

"(h) iarscríbhinn, arna tarraingt suas i gcomhréir leis na ceanglais agus an struchtúr a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, ina leagtar amach modheolaíochtaí agus bearta beartais Andóra chun an ceanglas maidir le coigilteas fuinnimh a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2012/27/AE agus Iarscríbhinn V a ghabhann léi.";

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh de mhír 3:

"Maidir leis an bplean fuinnimh agus athraithe aeráide, déanfaidh Andóra an méid seo a leanas:"

(viii) i mír 3, cuirfear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) na hidirnaisc idir na cúig ghné fuinnimh agus aeráide a chur san áireamh, go háirithe bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh;"

(ix) i mír 3, cuirfear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"I gcás ina bhfaigheadh Andóra amach, de bhun phointe (d) den chéad fhomhír, go bhfuil líon suntasach teaghlach i mbochtaineacht fuinnimh sa stát sin, ar bhonn a mheasúnaithe bunaithe ar shonraí infhíoraithe, déanfaidh sé cuspóir táscach náisiúnta chun bochtaineacht fuinnimh a laghdú a chur san áireamh ina phlean fuinnimh agus athraithe aeráide. Déanfaidh Andóra achoimre ina phlean fuinnimh agus athraithe aeráide ar na beartais agus ar na bearta, lena dtugtar aghaidh ar an mbochtaineacht fuinnimh, más ann di, lena n-áirítear bearta beartais shóisialta agus cláir náisiúnta ábhartha eile.";

(x) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Cuirfidh Andóra a phlean fuinnimh agus athraithe aeráide arna chur faoi bhráid Chomhchoiste de bhun an Airteagail seo ar fáil go poiblí.";

(xi) ní bheidh feidhm ag mír 5 maidir le hAndóra.

- (d) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"Airteagal 4

Cuspóirí náisiúnta, spriocanna agus rannchuidithe a bhaineann leis na cúig ghné fuinnimh agus aeráide

Leagfaidh Andóra amach ina phlean fuinnimh agus athraithe aeráide na cuspóirí agus na spriocanna seo a leanas a bhaineann le gach ceann de na gnéithe fuinnimh agus aeráide:

- (a) maidir leis an ngné ‘Dícharbónú’:
- (1) an sprioc náisiúnta maidir le gás ceaptha teasa a laghdú, agus, i gcás inarb infheidhme chun an sprioc sin maidir le gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach, cuspóirí agus spriocanna eile, lena n-áirítear spriocanna earnála agus aidhmeanna oiriúnaithe;
 - (2) sprioc náisiúnta i dtéarmaí sciar an fhuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite san olltomhaltas deiridh;
- (b) an sprioc náisiúnta a mhéid a bhaineann leis an ngné ‘éifeachtúlacht fuinnimh’, i dtéarmaí dearbhleibhéil tomhaltais fuinnimh phríomhúil agus tomhaltais fuinnimh deiridh;
- (1) sprioc náisiúnta i méid carnach an choigiltis fuinnimh úsáide deiridh;
 - (2) sprioc náisiúnta ó thaobh athchóiriú foirgneamh de;
- (c) cuspóirí náisiúnta maidir leis an ngné ‘Slándáil Fuinnimh’;

- (d) cuspóirí náisiúnta a mhéid a bhaineann leis an nné den 'Margadh Inmheánach Fuinnimh';
- (e) cuspóirí náisiúnta agus spriocanna cistiúcháin do thaighde agus nuálaíocht phoiblí, agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, do thaighde agus nuálaíocht phríobháideach a bhaineann le gnéithe an fhuinnimh agus na haeráide."
- (e) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5 agus 6 maidir le hAndóra;
- (f) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7:

"Airteagal 7

Beartais agus bearta náisiúnta maidir le gach ceann de na cúig ghné fuinnimh agus aeráide

Tabharfaidh Andóra tuairisc ina phlean fuinnimh agus athraithe aeráide ar na príomhbheartais agus ar na príomhbhearta atá ann cheana agus atá beartaithe chun go háirithe na cuspóirí a leagtar amach sa phlean sin a bhaint amach, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, bearta lena bhforáiltear do chomhar réigiúnach agus do mhaoiniú iomchuí ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear leas a bhaint as cláir agus ionstraimí an Aontais.

Déanfaidh Andóra forléargas ginearálta a sholáthar maidir leis an infheistíocht is gá a dhéanamh chun na cuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe a leagtar amach sa phlean fuinnimh agus athraithe aeráide a bhaint amach, mar aon le measúnú ginearálta ar fhoinsí infheistíochta den sórt sin.";

- (g) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

"Airteagal 8

Bonn anailíseach maidir leis an bplean fuinnimh agus aeráide

Tabharfaidh Andóra tuairisc ar an staid reatha maidir le gach ceann de na cúig ghné, lena n-áirítear an córas fuinnimh agus astaíochtaí agus aistriú gás ceaptha teasa tráth a chuirfear an plean fuinnimh agus athraithe aeráide isteach nó ar bhonn na faisnéise is déanaí atá ar fáil. Déanfaidh Andóra freisin réamh-mheastacháin a leagan amach agus tabharfaidh sé tuairisc orthu maidir le gach ceann de na cúig ghné fuinnimh agus aeráide, ar feadh ré an phlean fuinnimh agus aeráide ar a laghad, a bhfuiltear ag súil leo mar thoradh ar na beartais agus na bearta atá ann cheana. Déanfaidh Andóra a ndícheall tuairisc a thabhairt ar na peirspictíochtaí breise níos fadtéarmaí do na cúig ghné, níos faide anonn ná ré an phlean fuinnimh agus athraithe aeráide, i gcás inarb ábhartha agus i gcás inar féidir.";

- (h) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 9 maidir le hAndóra.

- (i) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

"Airteagal 10

Comhairliúchán Poiblí

Gan dochar d'aon cheanglas dlí eile de chuid an Aontais, áiritheoidh Andóra go dtabharfar deiseanna luatha éifeachtacha don phobal a bheith rannpháirteach in ullmhú an phlean fuinnimh agus athraithe aeráide agus in ullmhú na straitéisí fadtéarmacha dá dtagraítear in Airteagal 15. Déanfaidh Andóra achoimre ar thuairimí an phobail a chur i gceangal le doiciméid den sórt sin a chur faoi bhráid Chomhchoiste. A mhéid is atá Treoir 2001/42/CE infheidhme, measfar i gcás comhairliúcháin a dhéanfar ar an bplean fuinnimh agus athraithe aeráide i gcomhréir leis an Treoir sin, go sásaíonn siad na hoibleagáidí maidir le dul i gcomhairle leis an bpobal faoin Rialachán seo.

Áiritheoidh Andóra go gcuirfear an pobal ar an eolas. Cuirfidh Andóra teorainn le castacht riaracháin agus an tAirteagal seo á chur chun feidhme aige.";

- (j) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"Airteagal 11

Idirphlé il-leibhéil maidir le haeráid agus fuinneamh

Bunóidh Andóra idirphlé il-leibhéal maidir leis an aeráid agus fuinneamh de bhun na rialacha náisiúnta, ina mbeidh údarais áitiúla, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an pobal gnó, infheisteoirí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile agus an pobal i gcoitinne in ann a bheith rannpháirteach go gníomhach i mbaint amach chuspóir aeráidneodrachta Andóra agus sna cásanna éagsúla atá beartaithe do bheartais fuinnimh agus aeráide agus an méid sin a phlé, lena n-áirítear ar bhonn fadtéarmach, agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, mura bhfuil struchtúr chun na críche céanna ag Andóra cheana. Féadfar plé a dhéanamh ar an bplean fuinnimh agus athraithe aeráide faoi chuimsiú idirphlé den sórt sin.";

- (k) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"Airteagal 12

Comhar réigiúnach

1. Oibreoidh Andóra i gcomhar le Ballstáit chomharsanachta an Aontais, agus agus gach cineál comhair réigiúnaigh atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann á gcur san áireamh, chun na cuspóirí, na spriocanna agus na rannchuidithe a leagtar amach ina bplean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide a bhaint amach go héifeachtach.

2. Sainaitheoidh Andóra, i bhfad sula nglacfaidh sé a phlean fuinnimh agus athraithe aeráide, deiseanna le haghaidh comhar réigiúnach agus rachaidh sé i gcomhairle le Ballstáit chomharsanachta an Aontais, lena n-áirítear i bhfóiraim um chomhar réigiúnach. Má mheasann Andóra go bhfuil sé iomchuí, féadfaidh sé dul i gcomhairle le Ballstáit an Aontais a léirigh spéis. Ba cheart tréimhse réasúnach ama a thabhairt d'Andóra agus do Bhallstáit an Aontais a ndeachthas i gcomhairle leo chun freagairt a thabhairt. Leagfaidh Andóra amach ina phlean fuinnimh agus aeráidetorthaí sealadacha na gcomhairliúchán réigiúnach sin ar a laghad, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an chaoi ar cuireadh barúlacha Bhallstáit an Aontais a ndeachthas i gcomhairle leo san áireamh.
3. Féadfaidh Andóra páirt a ghlacadh i ndrúchtú comhpháirteach deonach codanna dá phleananna fuinnimh agus athraithe aeráide agus dá thuarascálacha ar dhul chun cinn, lena n-áirítear i bhfóiraim um chomhar réigiúnach. Má tharlaíonn sé sin, cuirfear an toradh in ionad na gcodanna coibhéiseacha de na phleananna fuinnimh agus athraithe aeráide Andóra agus de thuarascálacha Andóra ar dhul chun cinn.
4. Breithneoidh Andóra na barúlacha a fuarthas ó Bhallstáit an Aontais de bhun mhíreanna 2 agus 3 ina phlean fuinnimh agus athraithe aeráide agus míneoidh sé sna pleananna sin an chaoi ar breithníodh na barúlacha sin.
5. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, leanfaidh Andóra de bheith ag obair i gcomhar le Ballstáit eile an Aontais ar an leibhéal réigiúnach, agus de réir mar is iomchuí, i bhfóiraim um chomhar réigiúnach, agus beartais agus bearta ábhartha a phlean fuinnimh agus athraithe aeráide á gcur chun feidhme.
6. Féadfaidh Andóra comhar a bheartú freisin le sínitheoirí an Chomhphobail Fuinnimh agus le tríú tíortha ar baill den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad.

7. A mhéid is atá Treoir 2001/42/CE infheidhme, measfar i gcás comhairliúchán trasteorann a dhéanfar ar an phlean fuinnimh agus athraithe aeráide i gcomhréir le hAirteagal 7 den Treoir sin, go sásaíonn sé na hoibleagáidí maidir le comhar réigiúnach de bhun an Rialacháin seo ar choinníoll go gcomhlíontar ceanglais an Airteagail seo.";

(l) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13:

"Airteagal 13

Measúnú ar an bplean fuinnimh agus athraithe aeráide

Ar bhonn na bpleananna fuinnimh agus athraithe aeráide agus na nuashonruithe orthu arna bhfógairt de bhun Airteagal 3 agus 14, féadfaidh an Comhchoiste tuairimí a eisiúint maidir leis na pleananna sin."

(m) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14:

"Airteagal 14

Uasdhátú ar an bplean fuinnimh agus athraithe aeráide

1. Faoi 1 Eanáir 2034 agus gach 10 mbliana ina dhiaidh sin, cuirfidh Andóra faoi bhráid Chomhchoiste nuashonrú ar an bplean fuinnimh agus athraithe aeráide is déanaí ar tugadh fógra faoi nó cuirfidh sé cúiseanna ar fáil don Chomhchoiste lena dtugtar údar maith leis an bhfáth nach gá an plean sin a thabhairt cothrom le dáta.

2. Sa nuashonrú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, modhnóidh Andóra a chuspóir, a sprioc nó a rannchuidiú náisiúnta chun uailmhian mhéadaithe a léiriú i gcomparáid leis an uailmhian a leagadh amach ina phlean fuinnimh agus athraithe aeráide is déanaí de bhun Airteagal 2 nó sa rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta is déanaí a cuireadh faoi bhráid rúnaíocht UNFCCC, cibé acu is uailmhianaí.
3. Déanfaidh Andóra iarrachtaí aon drochthionchar ar an gcomhshaol a thagann chun solais mar chuid de chur chun feidhme a phleananna fuinnimh agus athraithe aeráide a mhaolú ina phlean nuashonraithe fuinnimh agus athraithe aeráide.
4. Beidh feidhm ag na nósanna imeachta a leagtar síos in Airteagail 10 agus 12 maidir le hullmhú na bpleananna nuashonraithe fuinnimh agus athraithe aeráide.
5. Ní dochar an tAirteagal seo do cheart Andóra athruithe agus oiriúnuithe a dhéanamh, tráth ar bith, ar na beartais náisiúnta a leagtar amach nó dá dtagraítear ina phleananna fuinnimh agus athraithe aeráide, ar choinníoll go mbeidh na hathruithe agus na hoiriúnuithe sin ar áireamh sa tuarascáil chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn.";

(n) Déanfar Airteagal 15 a oiriúnú mar a leanas:

(i) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Mar a fhoráiltear in Airteagal 3, chun críocha na sásraí rialachais atá le forbairt chun comhlíonadh an phlean fuinnimh agus athraithe aeráide a léiriú, tabharfaidh Andóra fógra don Chomhchoiste faoina straitéis fhadtéarmach fuinnimh agus athraithe aeráide agus faoi na doiciméid chumarsáide faoi UNFCCC agus faoi Chomhaontú Pháras, go sonrach an tuarascáil dhébhliantúil trédhearcachta, an teachtaireacht náisiúnta agus an teachtaireacht arna cinneadh go náisiúnta. Faoi 1 Eanáir 2026, agus gach 10 mbliana ina dhiaidh sin amhail ón 1 Eanáir 2029, déanfaidh Andóra a straitéis fhadtéarmach a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Chomhchoiste, ar straitéis í a mbeidh peirspictíocht 30 bliain aici agus a bheidh comhsheasmhach lena chuspóir aeráidneodrachta.";

(ii) ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le hAndóra;

(iii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Féachfar le straitéis fhadtéarmach Andóra rannchuidiú leis na nithe seo a leanas:

- (a) gealltanais Andóra faoi UNFCCC agus faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, gealltanais a bhaineann le hastaíochtaí antrapaigineacha gás ceaptha teasa a laghdú agus aistriú trí linnte a fheabhsú agus ceapadh carbóin mhéadaithe a chur chun cinn;
- (b) comhlíonadh chuspóir Chomhaontú Pháras maidir leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choinneáil i bhfad faoi bhun 2 C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch agus leanúint d'iarrachtaí a dhéanamh teorainn a chur leis an méadú teochta ag 1.5°C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch;

- (c) laghduithe fadtéarmacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsuithe ar aistrithe trí linnte i ngach earnáil i gcomhréir leis an gcuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach, i gcomhthéacs na laghduithe gás ceaptha teasa is gá agus na bhfeabhsuithe ar aistrithe trí linnte is gá de réir an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide (IPCC) chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach costéifeachtach agus chun aistrithe trí linnte a fheabhsú chun sprioc fhadtéarmach teochta Chomhaontú Pháras a shaothrú ionas go mbainfear amach cothromaíocht idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí aistrithe gás ceaptha teasa trí linnte laistigh den Aontas agus, de réir mar is iomchuí, astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin;
- (d) córas fuinnimh atá an-éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de agus bunaithe ar fhoinsí inathnuaite fuinnimh.";

(iv) i mír 4, cuirfear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

"4. Féachfar leis na gnéithe a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a chuimsiú i straitéisí fadtéarmacha Andóra. Thairis sin, féachfar le straitéisí fhadtéarmach Andóra an méid seo a leanas a chumhdach:";

(v) ní bheidh feidhm ag mír 5 ná ag mír 6 maidir le hAndóra;

(vi) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Déanfaidh Andóra a straitéis fhadtéarmach agus aon nuashonrú uirthi a chur in iúl agus a chur ar fáil don phobal láithreach.";

(vii) ní bheidh feidhm ag mír 8 ná ag mír 9 maidir le hAndóra;

(o) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 16 maidir le hAndóra;

(p) Déanfar Airteagal 17 a oiriúnú mar a leanas:

(i) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Faoin 15 Márta 2030, agus gach dhá bhliain ina dhiaidh sin, ullmhóidh Andóra tuarascáil don Chomhchoiste maidir le stádas chur chun feidhme a phlean fuinnimh agus athraithe aeráide trí bhíthin tuarascáil chomhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn lena gcumhdófar gach ceann de na cúig ghné fuinnimh agus aeráide. Gan dochar d'oibleagáidí Bhallstáit an Aontais de bhun Airteagail 20 go 25, féadfaidh Andóra na gnéithe a leagtar amach sna hAirteagail sin a áireamh ina thuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le fuinneamh agus athrú aeráide.";

(ii) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Leis an tuarascáil comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide ar dhul chun cinn cumhdófar na gnéithe seo a leanas:

(a) faisnéis faoin dul chun cinn atá déanta i dtreo na spriocanna a luaitear in Airteagal 2 a bhaint amach, agus i dtreo mhaoiniú agus chur chun feidhme na mbeartas agus na mbeart is gá lena mbaint amach, lena n-áirítear athbhreithniú ar infheistíocht iarbhír i gcoinne toimhdí infheistíochta;

(b) i gcás inarb infheidhme, faisnéis maidir leis an dul chun cinn i dtaca leis an idirphlé il-leibhéil maidir le haeráid agus fuinneamh dá dtagraítear in Airteagal 11 a chur ar bun;

(c) faisnéis maidir le hoiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 4.";

(iii) ní bheidh feidhm ag mír 3 go mír 6 maidir le hAndóra.

(iv) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Déanfaidh Andóra na tuarascálacha arna gcur faoi bhráid an Chomhchoiste a chur ar fáil don phobal.";

(q) Ní bheidh feidhm ag Airteagal 18 go hAirteagal 40 maidir le hAndóra;

(r) Déanfar Airteagal 41 a oiriúnú mar a leanas:

(a) cuirfear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Comhoibreoidh agus comhordóidh Andóra go hiomlán leis an AE agus le Ballstáit an Aontais maidir le hoibleagáidí faoin Rialachán seo.".

7. 32014 R 1112: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1112/2014 ón gCoimisiún an 13 Deireadh Fómhair 2014 lena gcinntear formáid choiteann le haghaidh comhroinnt faisnéise faoi tháscairí mórghuaise ag oibreoirí agus úinéirí suiteálacha ola agus gáis amach ón gcósta agus formáid choiteann le haghaidh fhoilsiú na faisnéise faoi tháscairí mórghuaise ag na Ballstáit (IO L 302, 22.10.2014, lch. 1).

CAIBIDIL 2

OLA

1. 31995 R 2964: Rialachán (CE) Uimh. 2964/95 ón gComhairle an 20 Nollaig 1995 lena dtugtar isteach clárú le haghaidh allmhairí agus seachadtaí amhola sa Chomhphobal (IO L 310, 22.12.1995, lch. 5).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 2964/95, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní allmhaireoidh Andóra amhola.

2. 31999 D 0280: Cinneadh 1999/280/CE ón gComhairle an 22 Aibreán 1999 maidir le nós imeachta Comhphobail i gcomhair faisnéise agus comhairliúcháin maidir le costais soláthair amhola agus praghsanna tomhaltóirí táirgí peitriiliam (IO L 110, 28.4.1999, lch. 8).

Léifear forálacha Cinneadh 1999/280/CE seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní allmhaireoidh Andóra amhola.

3. 31999 D 0566: Cinneadh 1999/566/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 1999 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh 1999/280/CE ón gComhairle maidir le nós imeachta Comhphobail i gcomhair faisnéise agus comhairliúcháin maidir le costais soláthair amhola agus praghsanna tomhaltóirí táirgí peitriiliam (IO L 216, 14.8.1999, lch. 8).

Léifear forálacha Cinneadh 1999/566/CE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní allmhaireoidh Andóra amhola.

4. 32009 L 0119: Treoir 2009/119/CE ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2009 lena bhforchuirtear oibleagáid ar na Ballstáit stoic íosta amhola agus/nó táirgí peitriiliam a choimeád (IO L 265, 9.10.2009, lch. 9), arna leasú le:
 - 32018 L 1581: Treoir Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1581 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2018 (IO L 263, 22.10.2018, lch. 57),
 - 32018 R 1999: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

Léifear forálacha Threoir 2009/119/CE , chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) "Áiritheoidh Andóra go gcomhlíonfaidh sí go héifeachtach an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 3(1) de Threoir 2009/119/CE trí bhíthin comhaontuithe déthaobhacha le Ballstáit chomharsanachta an Aontais go gcomhfhreagróidh na stoic ola iomlána a choinnítear i gcónaí laistigh de chríoch na bPáirtithe Comhlachaithe chun tairbhe Andóra, ar a laghad, do 90 lá de mheánallmhairí glana laethúla nó 61 lá de mheántomhaltas intíre laethúil, cibé acu den dá chainníocht is mó.";
- (b) Ní bheidh feidhm ag Airteagail 5 go 15, 17, 18, 20 agus 21 de Threoir 2009/119/cé;
- (c) Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1. Tréimhse 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh sa tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1.

CAIBIDIL 3

GÁS

1. 32009 L 0073: Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/55/CE (IO L 211, 14.8.2009, lch. 94), arna leasú le:
 - 32018 R 1999: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1),
 - 32019 L 0692: Treoir (AE) 2019/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 (IO L 117, 3.5.2019, lch. 1),
 - 32022 R 0869: Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

Léifear forálacha Treoir 2009/73/CE, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir nó dáileacháin gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

2. 32009 R 0715: Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na líonraí tarchuir gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009, lch. 36), arna leasú le:
- 32010 D 0685: Cinneadh 2010/685/AE ón gCoimisiún an 10 Samhain 2010 (IO L 293, 11.11.2010, lch. 67),
 - 32012 D 0490: Cinneadh 2012/490/AE ón gCoimisiún an 24 Lúnasa 2012 (IO L 231, 28.8.2012, lch. 16),
 - 32013 R 0347: Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39),
 - 32015 D 0715: Cinneadh (AE) 2015/715 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2015 (IO L 114, 5.5.2015, lch. 9),
 - 32018 R 1999: Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1),
 - 32022 R 0869: Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45),
 - 32022 R 1032: Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 (IO L 173, 30.6.2022, lch. 17).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 715/2009, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

3. 32017 R 1938: Rialachán (AE) 2017/1938 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2017 maidir le bearta chun slándáil an tsoláthair gáis a choimirceú agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 994/2010 (IO L 280, 28.10.2017, lch. 1), arna leasú le:
 - 32022 R 0517: Rialachán Tarmhligthe (AE) 2022/517 ón gCoimisiún an 18 Samhain 2021 (IO L 104, 1.4.2022, lch. 53),
 - 32022 R 1032: Rialachán (AE) 2022/1032 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Meitheamh 2022 (IO L 173, 30.6.2022, lch. 17).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/1938, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir nó dáileacháin gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

4. 32014 R 0312: Rialachán (AE) Uimh. 312/2014 ón gCoimisiún an 26 Márta 2014 lena mbunaítear Cód Líonra maidir le Cothromú Gáis de Líonraí Tarchuir (IO L 91, 27.3.2014, lch. 15).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 312/2014, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

5. 32015 R 0703: Rialachán (AE) 2015/703 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2015 lena mbunaítear cód líonra maidir le hidir-inoibritheacht agus rialacha maidir le malartú sonraí (IO L 113, 1.5.2015, lch. 13).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2015/703, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

6. 32015 D 0715: Cinneadh (AE) 2015/715 ón gCoimisiún an 30 Aibreán 2015 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha rochtana ar na líonraí tarchuir gáis nádúrtha (IO L 114, 5.5.2015, lch. 9).

Léifear forálacha Cinneadh (AE) 2015/715 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

7. 32017 R 0459: Rialachán (AE) 2017/459 ón gCoimisiún an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le sásraí leithdháilte acmhainneachta i gcórais tarchuir gáis agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 984/2013 (IO L 72, 17.3.2017, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/459, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

8. 32017 R 0460: Rialachán (AE) 2017/460 ón gCoimisiún an 16 Márta 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le struchtúir chomhchuibhithe do tharaií tarchuir gáis (IO L 72, 17.3.2017, lch. 29).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/460 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir gáis nádúrtha a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

CAIBIDIL 4

LEICTREACHAS

1. 32019 R 0941: Rialachán (AE) 2019/941 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/89/CE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 1).
2. 32019 R 943: Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54), arna leasú le:
 - 32022 R 0869: Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).
3. 32019 L 0944: Treoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO L 158, 14.6.2019, lch. 125), arna leasú le:
 - 32022 R 0869: Rialachán (AE) 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 (IO L 152, 3.6.2022, lch. 45).

Léifear forálacha Treoir (AE) 2019/944, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

- (a) cuirfear an fomhír seo a leanas le hAirteagal 66(2):

‘Ní bheidh feidhm ag Airteagal 59(1), pointe (y), agus Airteagal 59(5) go (8) maidir le hAndóra fad a dheonófar maoluithe i gcomhréirmír 6 den Airteagal seo.’;

(b) in Airteagal 66, cuirfear an mír seo a leanas leis:

"6. Mar thír ar córas bheaga nasctha é, féadfaidh Andóra maolú a dhéanamh ar Airteagail 4 go 7, Airteagal 10(1), Airteagal 10(12), agus Airteagail 12 agus 14, go dtí an 31 Nollaig 2030, ar choinníoll:

- (a) go gceanglaítear ar ghnóthais leictreachais náisiúnta cloí le bearta lena n-áirithítear a n-oibriú stuama agus éifeachtúil, lena n-áirítear bearta chun na cuntais a chomhardú laistigh de thréimhse réasúnta;
- (b) go soláthróidh gnóthais leictreachais náisiúnta praghsanna, caighdeáin seirbhíse agus rogha dá gcustaiméirí atá comhchosúil leis na cinn atá ar fáil do thomhaltóirí i margai iomaíocha a fheidhmíonn go maith, lena n-áirítear trí tharaif éagsúla ar a laghad;
- (c) go bhfuil sé de cheangal ar ghnóthais leictreachais náisiúnta atá ag gníomhú mar sholáthróirí freagairt don éileamh a chothú trí chomhbhailiú agus chun cur ar chumas custaiméirí móra ar a laghad páirt a ghlacadh sa fhreagairt don éileamh trí chomhbhailiú;
- (d) go socraíonn údarás rialála neamhspleách praghsanna soláthair na ngnóthas leictreachais náisiúnta dá chustaiméirí deiridh. Chun críoch Airteagal 15 agus Airteagal 16 a chur chun feidhme go hiomlán, ní dheonófar aon mhaolú ar Airteagal 6 a mhéid a bhaineann le rochtain ar an gcóras dáileacháin do chustaiméirí gníomhacha agus do phobail fuinnimh saoránach.

Déanfaidh na húdaráis náisiúnta táscairí a bhaineann le praghsanna, caighdeáin seirbhíse agus rogha atá ar fáil do thomhaltóirí in earnáil an leictreachais a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún Eorpach ar bhonn bliantúil.

Ar iarraidh réasúnaithe a fháil ó Andóra, féadfaidh an Comhchoiste síneadh a chur le cuid de na maoluithe nó na maoluithe go léir dá bhforáiltear sa chéad fhomhír den mhír. Is le cinneadh an Chomhchoiste a chinnfear an tréimhse ama a ndeonófar an síneadh ina leith. Féadfaidh an Comhchoiste coinníollacha agus oibleagáidí a chur i gceangal lena chinneadh d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír agus sa dara fhomhír den mhír seo. Ar iarraidh réasúnaithe a fháil, féadfaidh an Comhchoiste síntí breise a dheonú tar éis don tréimhse ama a leagadh síos lena chinneadh bunaidh dul in éag, ar choinníoll go leanfar de na ceanglais maidir le síneadh den sórt sin a dheonú a chomhlíonadh.";

(c) maidir le Caibidil V agus Caibidil VI, Airteagal 59(1), pointí (h), (k), agus (w), agus Airteagal 62 de Threoir (AE) 2019/944, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

4. 32010 R 0838: Rialachán (AE) Uimh. 838/2010 ón gCoimisiún an 23 Meán Fómhair 2010 maidir le treoirlínte a leagan síos a bhaineann leis an sásra um chúiteamh idir oibreoirí córais tarchurtha agus cur chuige rialála coiteann maidir le muirearú tarchurtha (IO L 250, 24.9.2010, lch. 5).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 838/2010 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

5. 32013 R 0543: Rialachán (AE) Uimh. 543/2013 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2013 maidir le sonraí a thíolacadh agus a fhoilsiú i dtaca leis na margáí leictreachais agus lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 (IO L 163, 15.6.2013, lch. 1), arna leasú le:
- 32019 R 943: Rialachán (AE) 2019/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir leis an margadh inmheánach don leictreachas. (IO L 158, 14.6.2019, lch. 54).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 543/2013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

6. 32015 R 1222: Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainneachta agus maidir le bainistiú ar phlódú (IO L 197, 25.7.2015, lch. 24), arna leasú le:
- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 (IO L 62, 23.2.2021, lch. 24).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2015/1222 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

7. 32016 R 0631: Rialachán (AE) 2016/631 ón gCoimisiún, 14 Aibreán 2016 lena mbunaítear cód líonra i dtaobh ceanglais maidir le gineadóirí a nascadh le heangacha (IO L 112, 27.4.2016, lch. 1).
8. 32016 R 1388: Rialachán (AE) 2016/1388 ón gCoimisiún 17 Lúnasa 2016 lena mbunaítear cód líonra maidir le nascadh éileamh (IO L 223, 18.8.2016, lch. 10).
9. 32016 R 1447: Rialachán (AE) 2016/1447 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2016 lena mbunaítear cód líonra i dtaobh ceanglais maidir le córas srutha dhírigh ardvoltais agus modúil páirce cumhachta arna gceangal le sruth díreach a nascadh le heangacha (IO L 241, 8.9.2016, lch. 1).
10. 32016 R 1719: Rialachán (AE) 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne fadtréimhseach (IO L 259, 27.9.2016, lch. 42), a leasaíodh le:
 - 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 (IO L 62, 23.2.2021, lch. 24).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2016/1719 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

11. 32017 R 1485: Rialachán (AE) 2017/1485 ón gCoimisiún an 2 Lúnasa 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le hoibríocht córas tarchurtha leictreachais (IO L 220, 25.8.2017, lch. 1), arna leasú le:

- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 (IO L 62, 23.2.2021, lch. 24).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/1485 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

12. 32017 R 2195: Rialachán (AE) 2017/2195 ón gCoimisiún an 23 Samhain 2017 lena mbunaítear treoirlíne maidir le cothromú leictreachais (IO L 312, 28.11.2017, lch. 6), arna leasú le:

- 32021 R 0280: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/280 ón gCoimisiún an 22 Feabhra 2021 (IO L 62, 23.2.2021, lch. 24).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/2195 seo, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

13. 32017 R 2196: Rialachán (AE) 2017/2196 ón gCoimisiún 24 Samhain 2017 lena mbunaítear cód líonra maidir le héigeandálaí leictreachais agus athbhunú leictreachais (IO L 312, 28.11.2017, lch. 54).

Léifear forálacha Rialachán (AE) 2017/2196, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na fionraí dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1, ní údaróidh Andóra líonra tarchuir leictreachais a thógáil agus a chur i seirbhís ar a chríoch.

CAIBIDIL 5

FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

Léifear gníomhartha dlí an Aontais atá liostaithe sa Chaibidil sin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 3 de Chreat-Phrótacal 1. Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Chreat-Phrótacal 1 an 31 Nollaig 2025.

1. 32018 L 2001: Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82), arna leasú le:
 - 32022 R 0759: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/759 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 (IO L 139, 18.5.2022, lch. 1).

